C/2026/2658

13.5.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12414 — ABERDEEN / DIGITALBRIDGE / ZEMOBILITY)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/2658)

1. An 30 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— abrdn Global Sustainable Infrastructure IV UK Latam B ('abrdnCo', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Aberdeen Group plc ('Aberdeen'),

— ZeMobility Latam Holdings S.L.U ('DBCo', an Spáinn), faoi rialú DigitalBridge Group, Inc ('DigitalBridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— ZeMobility JV SCSp ('ZeMobility', Lucsamburg), faoi rialú aonair DigitalBridge roimh an gcomhchruinniú.

Gheobhaidh Aberdeen agus DigitalBridge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar ZeMobility.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann Aberdeen bainistiú gníomhach sócmhainní ar fáil do chliaint árachais institiúidigh, mórdhíola agus straitéisigh, mar aon le bainistiú rachmais, pleanáil airgeadais agus seirbhísí comhairle go díreach do chustaiméirí nó trí chomhairleoirí airgeadais. Tá sé liostaithe go poiblí ar Stocmhalartán Londan.

— Is cuideachta faoi dhliteanas teoranta é DBCo atá faoi rialú deiridh DigitalBridge. Bainistíonn DigitalBridge sócmhainní bonneagair agus infheistíonn sé i gcuideachtaí ar fud an domhain. Cuimsíonn a fhócas infheistíochta bonneagar digiteach, lena n-áirítear lárionaid sonraí, líonraí snáthoptaice, túir, agus sócmhainní nascachta gaolmhara, chomh maith le hiompar, soghluaisteacht ghlan, agus bonneagar aistrithe fuinnimh. Tá DigitalBridge liostaithe go poiblí ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó ZeMobility: oibriú sócmhainní busanna leictreacha atá ann cheana sa Cholóim agus sa tSile.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12414 — ABERDEEN / DIGITALBRIDGE / ZEMOBILITY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË